



Téama

Daonáireamh Ranga 2016

Cuspóirí

Go gcuirfear ar chumas an pháiste:

- Míniú céard é an daonáireamh, cur síos a dhéanamh ar na céimeanna i bpróiseas an daonáirimh
- An scéal 'Daithí agus Daonáireamh 2016' a athinsint
- Ceisteanna maidir le Daonáireamh 2016 a chur agus a fhreagairt
- Plé a dhéanamh ar na ceisteanna a bheidh curtha ar Fhoirm Dhaonáirimh 2011
- na bealaí gur féidir sonraí daonáirimh a úsáid a phlé
- Ceisteanna do fhoirm an Daonáirimh ranga a chumadh

Modheolaíochtaí

- ✓ Réiteach Fadhbanna
- ✓ Foghlaim i gcomhar lena chéile
- ✓ Úsáid a bhaint as an Timpeallacht
- ✓ Foghlaim ghníomhach
- ✓ Scileanna tríd Toilleadh
- ✓ Caint agus Díospóireacht

Scileanna Matamaiticiúla

- ✓ Cuir i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna
- ✓ Cumarsáid a dhéanamh agus Léiriú
- ✓ Comhtháthú agus Ceangail
- ✓ Réasúnú
- ✓ Cuir i ngníomh
- ✓ Tuiscint agus Athchluimhniú

Tascanna

- Caint agus díospóireacht – Daonáireamh 2016 – príomh smaointe agus céimeanna i bpróiseas an daonáirimh
- Imeacht don rang ar fad – tuar freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis an daonáireamh
- Obair Aonair/Bheirte – cruthaigh bloc nó barrachairt
- Anailís a dhéanamh ar na sonraí
- Seisiún díospóireachta– déan plé ar an bhfiosrú / na céimeanna sa phróiseas a shoiléiriú

Teastaíonn

- Acmhainn 2.1 Céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh
- Acmhainn 2.2 Ceisteanna Coitianta – Freagraí POS
- Acmhainn 2.3 Ceisteanna Coitianta – Do fhreagraí! (Teimpléad)
- Acmhainn 2.4 Daonáireamh 2011 ~ Príomhcheisteanna
- Acmhainn 2.5 Foirm Dhaonáirimh Ranga
- Acmhainn 2.6 Bileog Scóir don Daonáireamh Ranga
- Acmhainn 2.7 Treoracha le Cuardach Idirlín a dhéanamh maidir le Daonáireamh
- Acmhainn 2.8 Bileoga Scóir do na hAinmneacha is Coitianta do Chailíní/Bhuachaillí
- Acmhainn 2.9 Teimpléid Ghraif don Deich nAinm is

Príomhtheachtaireachtaí

- Is féidir daonáireamh a dhéanamh ag leibhéal éagsúla – leibhéal náisiúnta, seomra ranga
- Tá sé tábhachtach ceisteanna a chur a chuirfidh an t-eolas a theastaíonn ar fáil.
- Ní mór do gach duine a bheith páirteach.
- Bailítear an t-eolas agus déantar na freagraí ar na ceisteanna ar fad a chomhaireamh.
- Baintear úsáid as an eolas bailithe le planáil don todhchaí.

Comhtháthú agus Nascáil:

Gaeilge: Teanga Labhartha: Caint agus díospóireacht, ceisteanna a chur, ceisteanna a fhreagairt, réasúnú, cuir síos, míniú, comparáid a dhéanamh.....

Drámaíocht: Daonáireamh ranga – is féidir ról a thabhairt do na páistí mar shampla, áiritheoir, foireann na POS.....

Forbairt Teanga: *Daonáireamh, rialtas, teaghlach, bailigh, ceist, eolas, foirm, iarr, Dé Domhnaigh, Aibreán, daonra, taifead, planáil, todhchaí, seiceáil, comhaireamh, tábhachtach, cinneadh, ceisteanna coitianta, éigeantach, faoi rún, tuairisceáin, go leictreonach.*

Measúnú

Déanfar measúnú ar na páistí agus iad ag:

- déanamh cur síos ar na céimeanna i bpróiseas an Daonáirimh mar atá leagtha síos i gCeacht a hAon
- cur príomhcheisteanna a chuirfidh ar fáil an t-eolas a theastaíonn don daonáireamh ranga
- comhlánú foirm dhaonáirimh
- tógáil scóir do na freagraí ar cheisteanna an daonáirimh
- cur síos ar cén chaoi ar cuireadh an daonáireamh ranga i gcrích

Pointí Airde don Mhúinteoir

Déan nóta i leabhar nótaí d'aon eachtraí tábhachtacha a thugann tú faoi deara, mar shampla páiste a bhfuil deacracht aige/aici na ceisteanna tábhachtacha a chur agus a fhreagairt, cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas, an fhoirm dhaonáirimh a chomhlánú nó na freagraí a chomhaireamh. Tabhair faoi deara freisin aon pháistí go dteastaíonn dúshlán níos mó uathu agus bain úsáid as na moltaí tugtha san obair bhreise.

Obair Bhreise

- Cruthaigh bord/áit taispeántais don Tógra Daonáirimh Ranga.
- Scrúdaigh cuid de na sonraí atá bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.
- Déan fiosrúcháin ranga/scoile lena mbaineann bailiúchán sonraí.

Naisc Bhaile/Scoile

D'fhéadfadh na páistí foirm dhaonáirimh a dhearadh lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.

Comhlánaigh foirm shamplach daonáirimh mar obair bhaile. Breathnaigh ar www.cso.ie agus scrúdaigh cuid den eolas atá bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Nótaí an Mhúinteora - Ceacht a 2



Réamhrá

Plé agus Díospóireacht

Dul siar ar na príomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a 1 - Céard is cuimhin linn?

- Iarrtar ar na páistí an scéal ‘Daithí agus Daonáireamh 2016’ a insint arís ar mhaithe le dul siar ar a dtuiscint ar an daonáireamh.
 - ✓ Comhaireamh oifigiúil de dhaonra tíre é daonáireamh.
 - ✓ In Éirinn, bíonn daonáireamh ann gach cúig bliana.
 - ✓ Beidh gach duine in Éirinn comhairthe ar an Domhnach, 24 Aibreán 2016.
 - ✓ Dáilfear foirmeacha Daonáirimh ar ár dtithe i mí Márta agus comhlánfar iad Lá an Daonáirimh.
 - ✓ Tá liosta de na ceisteanna ar fhoirm an daonáirimh atá le freagairt Lá an Daonáirimh. Beidh na freagraí ina gcúnamh don rialtas le planáil don todhchaí.
 - ✓ Baileófar na foirmeacha agus déanfar an t-eolas a sheiceáil agus a chomhaireamh.
 - ✓ Is féidir na sonraí seo a thaispeáint ar ghraf, i léaráid nó a bheith scríofa i dtuairisc.
- Cruthaigh scéal don bhalla ag baint úsáide as na Céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh [Acmhainn 2.1]. Is féidir le páistí pictiúir a tharraingt de na céimeanna éagsúla de scéal Daithí le cur faoi gach céim. Beidh na cártaí agus na pictiúir ina gcúnamh do na páistí leis an scéal a athinsint agus leis na céimeanna i bpróiseas an daonáirimh a thuiscint.
- Ag an bpointe seo, tá sé tábhachtach do pháistí aon cheisteanna eile a chur atá acu maidir le próiseas an daonáirimh nó Daonáireamh 2016. Déan liosta de na ceisteanna.
nó
- Tabhair cuairt ar <http://census.ie/ga/the-census-and-you/your-questions/> ina bhfuil liosta ar fáil de na ‘Ceisteanna Coitianta’ maidir leis an Daonáireamh. Déan comparáid idir liosta na gCeisteanna Coitianta agus an liosta atá curtha le chéile ag na páistí.



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh
2016 AIBREÁN
24
GLAC DO PHÁIRT

English

Baile An Daonáireamh agus Tusa ... Rialacháin na gComhphobal ... sa Stair Conas a dhéanaimid é Meáin

Gnáthcheisteanna

Céard é an Daonáireamh?

Cén uair a bheidh an chéad daonáireamh eile ann?

Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach ann?

Cén fáth go mbíonn Daonáireamh ann?

An Daonáireamh agus Tusa

- Gnáthcheisteanna
- Foirm an Daonáirimh
 - Ceisteanna Nua i nDaonáireamh 2016
 - Gach ceist go mion
 - Turas fhoirm an daonáirimh
- Cén fáth a bhfuil sé?
 - Cé a bhaineann úsáid as sonraí daonáirimh?
 - Cás-Staidéir

- Spreag na páistí le freagraí a thabhairt ar na ceisteanna nó le freagraí a thuar ag baint úsáide as an eolas atá faighte acu maidir leis an Daonáireamh. Is féidir é seo a dhéanamh ós ard nó ag baint úsáide as an teimpléad ‘Ceisteanna Coitianta ~ Do Fhreagraí’ atá curtha ar fáil [Acmhainn 2.2].

Daonáireamh 2016 ~ Ceisteanna Coitianta

- Céard é an Daonáireamh?
- Cén uair a bheidh an chéad daonáireamh eile ann?
- Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach ann?
- Cén fáth go mbíonn daonáireamh ann?
- An bhfuil sé éigeantach?
- Cén fáth a gcaitheann mé m’ainm a thabhairt?
- Cén fáth go mbíonn an oiread ceisteanna ann?
- Cé a chuireann an Daonáireamh i gcrích?
- Faoi rún! Céard faoi na bradaíthe?
- Cén fáth nach féidir liom comhlánú ar líne ?
- Cé chomh fada a thógfaidh sé orm an fhoirm a chomhlánú?

- Ina dhiaidh sin léigh na freagraí curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS agus déan comparáid idir na freagraí atá tugtha leo siúd a thug na páistí. Is féidir na ceisteanna agus freagraí a léamh amach do na páistí, curtha ar an gclár bán idirghníomhach nó curtha ar fáil ar bhileog do na páistí le léamh amach [Acmhainn 2.3]

Gníomhaíocht don Rang Iomlán

- I gCeacht a 1 d’fhoghlaim na páistí go bhfuil go leor ceisteanna ar fhoirm an Daonáirimh a bheidh an rialtas ag úsáid le pleanáil a dhéanamh do scoileanna, ospidéal / seirbhísí sláinte, seirbhísí iompair agus rudaí eile. Mar gheall ar seo tá sé tábhachtach ceisteanna a chur a tabharfaidh an t-eolas a theastaíonn uainn mar fhreagraí.
- Spreag na páistí le smaoineamh faoi na ceisteanna a d’fhéadfadh a bheith curtha ar an bhfoirm dhaonáirimh.
- Bain úsáid as Acmhainn 2.4 a dhéanann cur síos ar na príomhcheisteanna a bheidh mar chuid de Dhaonáireamh 2016.
- Tabhair treoracha do na páistí le **ceisteanna a chumadh** a thabharfaidh an t-eolas a theastaíonn.

Céard iad na ceisteanna a theastaíonn uaim a chur le fáil amach:

- ✓ líon na mbaineannach / na bhfireannach ina gcónaí sa tír
- ✓ aois na ndaoine a chónaíonn in Éirinn
- ✓ cá bhfuil cónaí ar dhaoine – sa bhaile mór nó faoin tuath
- ✓ náisiúntacht na ndaoine a chónaíonn in Éirinn
- ✓ céard iad na teangacha a labhraíonn daoine
- ✓ cén chaoi a dtéann páistí chun na scoile
- ✓ cé mhéad daoine a bhfuil peata acu
- ✓ cé mhéad daoine a bhfuil ríomhaire acu

- Taifead na ceisteanna seo ar smeach-chairt nó ar bhileog mór bán A3, ar chlár bán nó ar an gclár bán idirghníomhach.
- Mínigh do na páistí go bhfuil siad le daonáireamh ranga a dhéanamh anois.
- Déan na céimeanna sa phróiseas fiosrúcháin daonáirimh seo a phlé leis na páistí

Déanfaidh na páistí na rudaí seo a leanas

1. Foirm dhaonáirimh a dhearadh
2. An fhoirm dhaonáirimh a dháileadh ar na daoine i láthair
3. An fhoirm a chomhlánú
4. Na foirmeacha daonáirimh a bhailiú
5. Na freagraí ar fad ó na foirmeacha daonáirimh a chomhaireamh agus a thaifead
6. Graif a chruthú leis an eolas a thaispeáint
7. Cinneadh cén chaoi gur féidir an t-eolas a úsáid



Nóta: B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach grianghrafanna a thógáil de gach céim den phróiseas fiosrúcháin seo le cúnamh a thabhairt dul siar ar na príomhchoincheapa agus mar acmhainn le cúnamh a thabhairt do pháistí an próiseas a mhíniú do dhaoine eile.

- Tabhair cúnamh do na páistí foirm dhaonáirimh a dhearadh nó úsáid an Fhoirm Dhaonáirimh atá curtha ar fáil [Acmhainn 2.5]
- Tóg daonáireamh ranga agus spreag na páistí le ról na ndaoine i bpróiseas an daonáirimh a thógáil, mar shampla
 1. Ceap áiritheoir leis na foirmeacha daonáirimh a dháileadh.
 2. Déanfaidh an t-áiritheoir ceisteanna an daonáirimh a mhíniú don rang.
 3. Comhlánóidh páistí faoi leith foirm ranga daonáirimh. [Acmhainn 2.5]
 4. Baileoidh an t-áiritheoir na foirmeacha comhlánaithe daonáirimh agus tabharfaidh sé/sí chuig lár 'oifig' iad.
 5. Déanfaidh foireann páistí na freagraí a chomhaireamh ag baint úsáide as an mbileog scóir atá curtha ar fáil [Acmhainn 2.6]. Is féidir an bileog scóir a thaispeáint ar an gClár Bán Idirghníomhach agus déantar torthaí gach ceist chomhlánaithe mar fhreagraí a chomhaireamh.

Líon na bpáistí sa rang
 Líon na mbuachaillí i ngach rang
 Líon na gcailíní i ngach rang
 Mí a laethanta breithe
 Náisiúntacht
 Teangacha a labhraíonn siad
 Modh taistil
 Achair á dtaisteal
 Cineálacha tithe
 Úinéireacht RP / ríomhaire glúine
 Banda leathan



- Mínigh do na páistí go dtugtar ‘sonraí’ ar an eolas seo freisin. Iarr ar na páistí smaoineamh ar gach ceist/freagra ceann i ndiaidh a chéile agus cén fáth go bhfuil an píosa eolais seo á bhailiú agus cén úsáid go bhféadfaí a bhaint as, mar shampla
 - ✓ Ainmneacha páistí: le taifead a choinneáil ar thinreamh, liostaí ranga a úsáid mar liostaí seiceála
 - ✓ Dátaí breithe: Aois na bpáistí a fháil amach, páistí a chur ag an leibhéal ranga ceart...
 - ✓ Náisiúntacht: le gach náisiúntacht inár scoileanna a chur san áireamh agus le múineadh do na páistí maidir le tíortha eile agus cultúir eile
 - ✓ Teangacha á labhairt: le soláthar a dhéanamh do pháistí nach labhraíonn Béarla nó Gaeilge mar chéad theanga, le teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh, le taispeántais seomra ranga a chruthú, le timpeallacht lán le hábhar priontáilte i dteangacha eile a chruthú, le teangacha eile a chur ós comhair na bpáistí..
 - ✓ Taisteal chun na scoile: le gach cineál modh taistil a chur san áireamh, mar shampla áiseanna pairceála, stop-bus, bealaí siúl agus moltaí maidir le carranna a roinnt ...
 - ✓ Úinéireacht RP: le gníomhaíochtaí oideachais a chur ar fáil gur féidir leanacht leo sa bhaile ag baint úsáide as teicneolaíocht, le scileanna teicniúla na bpáistí a fheabhsú.....
 - ✓ Banda leathan: le naisc a chruthú idir an mbaile agus an scoil tríd ríomh-phost, suíomh idirlín scoile, gníomhaíochtaí gur féidir leanacht leo le suímh idirlín idirghníomhacha...

Seisiún Díospóireachta

Sa seisiún seo, oibríonn na páistí i ngrúpaí agus déanann siad plé ar pháirteanna den cheacht.

- Obair bheirte: Sa tasc seo oibríonn na páistí lena chéile le freagraí ar na príomhcheisteanna a d’fhéadfadh a bheith ag duine maidir le daonáireamh ranga a ullmhú. Téigh siar ar na príomhcheisteanna a chur na páistí ar Dhaithí Daonáirimh i gCeacht a hAon...

Príomhcheisteanna Samplacha



Daonáireamh 2016

Céard é an Daonáireamh Ranga?

Comhaireamh de líon na ndaoine sa seomra ranga atá i gceist leis an daonáireamh seo.

Faigheann gach páiste sa seomra ranga foirm Dhaonáirimh agus freagraíonn sé / sí na ceisteanna tábhachtacha ar fad ar na bhfoirm seo.

Cá dtógtar an Daonáireamh ranga?

Tógtar istigh sa seomra ranga é agus tá foirm dhaonáirimh ag gach páiste le comhlánú.

Cé a thógann an Daonáireamh?

Déantar gach duine sa seomra ranga a chomhaireamh ar an Lá Daonáirimh ranga. Dáileann agus bailíonn an Fhoireann Daonáirimh ranga na foirmeacha Daonáirimh. Déantar na freagraí ar na foirmeacha Daonáirimh ar fad a sheiceáil agus a chomhaireamh.

Cén uair a bhíonn an Daonáireamh ann?

Is féidir Daonáireamh Ranga a thógáil gach bliain.

Cén fáth go mbíonn an Daonáireamh ann?

Bíonn Daonáireamh Ranga ann le ceisteanna tábhachtacha a fhreagairt gur féidir a úsáid le cúnamh a thabhairt le cinneadh tábhachtach agus le planáil don todhchaí.

Cén chaoi a dtógtar daonáireamh ranga?

1. Déantar na foirmeacha daonáirimh ranga a dhearadh.
2. Dáiltear foirm dhaonáirimh ar gach páiste sa rang.
3. Ar lá an daonáirimh, léann na páistí ar fad sa rang na ceisteanna ar an bhfoirm dhaonáirimh agus scríobhann siad na freagraí ar an bhfoirm.
4. Bailítear foirmeacha an daonáirimh ó gach páiste.
5. Déantar na foirmeacha daonáirimh a sheiceáil agus na freagraí a chomhaireamh i lár ‘oifig’.
6. Cuirtear an t-eolas ar ghraif nó ar fáil i bhformáid léaráide nó tábla.
7. Léann daoine na graif nó na liostaí seo agus déanann siad plé ar an méad atá faighte amach.
8. Is féidir an t-eolas a úsáid le cinneadh sa seomra ranga/scoil a réiteach.


Obair bhreise

- Cruthaigh clár tógra don Daonáireamh Ranga.
- Déan léaráidí / tóg grianghrafanna de gach céim den phróiseas agus taispeáin, ag baint úsáide as ceannscríbhinní, cén chaoi ar tógadh an Daonáireamh.
- Scrúdaigh cuid de na sonraí atá bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Tabhair cuairt ar www.cso.ie. Lean na treoracha leis na staitisticí a fheiceáil maidir leis an 25 Ainm do Bhuachaillí agus an 25 Ainm do Chailíní ba choitianta anuraidh [Acmhainn 2.7]. Déan liosta de na hainmneacha seo. Déan fiosrúcháin ag leibhéal na scoile le fáil amach cé mhéad páistí atá ar an liosta den 10 nAinm roghnaithe ag baint úsáide as bileoga scóir [Acmhainn 2.8]. Úsáid na teimpléid ghraif chun na torthaí a léiriú [Acmhainn 2.9].
- Ag baint úsáide as liostaí ranga, déan amach céard iad an 10 nAinm is coitianta do Chailíní agus do Bhuachaillí i do scoil.

Naisc Bhaile/scoile

- Mar obair bhaile, d’fhéadfadh na páistí a bhfoirm dhaonáirimh féin a dhearadh lena dteaghlaigh agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceisteanna gur maith leo a chur.
- Comhlánaigh foirm shamplach daonáirimh sa bhaile.
- Tabhair cuairt ar www.cso.ie le breathnú ar an gcineál eolais a bhailíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh.

Ciorcal an Daonáirimh



Lá an Daonáirimh ~ 24 Aibreán

Dáiltear foirmeacha Daonáirimh ar ár dtithe



Comhlántar Foirmeacha Daonáirimh ar Lá an Daonáirimh




Bailítear Foirmeacha Daonáirimh



Déantar Foirmeacha Daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil



Eolas a thaispeáint ar ghraif



Graif a léamh agus tuairiscí a scríobh



Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú



Ceisteanna Coitianta - Do fhreagraí!

Céard é an daonáireamh?	
Cén uair atá an chéad daonáireamh eile ann?	
Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach?	
Cén fáth a bhfuil daonáireamh ann?	
An gcaithfidh mé a bheith páirteach?	
Cén fáth a bhíonn m'ainm ag teastáil?	
Cén fáth a bhíonn an oiread ceisteanna ann?	
Cé a dhéanann an daonáireamh?	
Cén chaoi a gcosnaíonn tú mo shonraí?	
An féidir an daonáireamh a dhéanamh ar líne	
Cé chomh fada a thógfaidh sé orm an fhairm a chomhlánú?	

Ceisteanna Coitianta

Céard é an daonáireamh?	Cuntas de gach duine sa tír Oíche an Daonáirimh é an daonáireamh. Oíche an Daonáirimh, ní mór gach duine sa tír a chur san áireamh ar fhoirm dhaonáirimh agus a bheith mar pháirt de chomhaireamh oifigiúil daoine agus áitreabh cónaithe a tharlaíonn de ghnáth gach cúig bliana in Éirinn..
Cén uair atá an chéad daonáireamh eile ann?	Beidh an chéad daonáireamh eile ann oíche Dé Domhnaigh 24 2016 Aibreán agus déanfar gach duine agus teaghlach sa tír ar an oíche sin a chomhaireamh
Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach?	Bhí an daonáireamh deireanach ann oíche Dé Domhnaigh 10 Aibreán 2011. Ar an oíche sin b'éigean gach duine sa Stát a chur san áireamh ar fhoirm dhaonáirimh, ina measc daoine a bhí ag fanacht le cairde nó le gaolta, daoine a bhí in óstán, san ospidéal, i dteach lóistín nó ar bord soithigh mar shampla.
Cén fáth a bhfuil daonáireamh ann?	Tabharfaidh an daonáireamh dúinn pictiúr cuimsitheach de chúinsí sóisialta agus maireachtála ár ndaoine sa bhliain 2011. Ní féidir ach le daonáireamh sonraí iomlána mar seo a sholáthar. Ní ar mhaithe leis féin atá an daonáireamh! Ach, is uirlisí riachtanacha iad na torthaí ar mhaithe le polasaí, planáil agus cinneadh éifeachtach a dhéanamh.
An gcaithfidh mé a bheith páirteach?	Is gá. Ní mór gach duine atá sa tír Oíche an Daonáirimh a bheith san áireamh. Is é seo an dlí.
Cén fáth a bhíonn m'ainm ag teastáil?	Tá sé riachtanach d'ainm a thabhairt ar mhaithe le cinntiú go bhfuil gach duine sa teaghlach curtha san áireamh agus le cúnamh a thabhairt don cheann teaghlaigh a bheith cinnte go bhfuil an t-eolas cruinn pearsanta tugtha do gach duine aonair.
Cén fáth a bhíonn an oiread ceisteanna ann?	Tá ceisteanna i ngach daonáireamh a bhaineann le bunábhair dhéimeagrafacha agus sóisialta, mar shampla aois, gnéas, stádas pósta, oideachas, stádas fostaíochta agus gairm bheatha. Deis faoi leith é an daonáireamh le heolas luachmhar a bhailiú le planáil don todhchaí.
Cé a dhéanann an daonáireamh?	An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) a chuireann an daonáireamh i gcrích agus fostaíonn sí foireann cheantair shealadach de bheagnach 5,500 daoine leis an daonáireamh a chur i gcrích ag leibhéal áitiúil agus réigiúnda.
Cén chaoi a gcosnaíonn tú mo shonraí?	Tá an t-eolas ar fad a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm dhaonáirimh faoi rún. Tá sé seo ráthaithe ó thaobh dlí Tá gach céim shlándála gur féidir tógtha ag an bPOS le cinntiú go bhfuil ár gcórais slán ó chur isteach ón taobh amuigh.
An féidir an daonáireamh a dhéanamh ar líne	Bheadh ceisteanna móra slándála agus riaracháin le sásamh dá mbeadh deis curtha ar fáil an fhoirm a chomhlánú go leictreonach. Bheadh orainn uimhir aitheantais faoi leith agus pasfhocal a chur ar fáil do gach duine (nó teaghlach) leis an bhfoirm a chomhlánú ar an Idirlíon le cinntiú go mbeadh na foirmeacha slán. Níl sé soiléir faoi láthair an fiú na buntáistí a bhaineann le comhlánú foirmeacha go leictreonach i acomhthéacs na acostas agus na rioscaí a bhaineann leis
Cé chomh fada a thógfaidh sé orm an fhoirm a chomhlánú?	Braitheann an méid ama a thógfaidh sé an fhoirm dhaonáirimh a chomhlánú ar líon na ndaoine sa teaghlach. Ba cheart go dtógfaidh sé níos lú ná 30 nóiméid ar ghnáth theaghlach an fhoirm dhaonáirimh a chomhlánú..

Daonáireamh 2016 ~ Príomhcheisteanna

Daoine i láthair Oíche an Daonáirimh

- + Ainm
- + Gnéas
- + Dáta Breithe
- + Áit bhreithe
- + Náisiúntacht
- + Áit ghnáthchónaithe ar dáta an daonáirimh
- + Stádas pósta
- + Creideamh
- + Gaeilge
- + Teanga seachas Gaeilge nó Béarla
- + Míchumas
- + Sláinte Ghinearálta
- + Modh taistil chun oibre, scoile nó coláiste
- + Achar le taisteal
- + Am tógtha
- + Oideachas
- + Cúram do dhaoine eile agus tinneas nó míchumas
- + Gairm Bheatha



Tréithe an Teaghlaigh

- + Cineál lóistín
- + Bliain ar tógadh an teach
- + Cíos íoctha
- + Líon seomraí
- + Téamh lárnach
- + Soláthar uisce
- + Áiseanna séarachais
- + Líon carranna agus veain
- + Úinéireacht RP
- + Ceangal Banda Leathan





Foirm Dhaonáirimh Ranga

Daonáireamh
2016 AIBREÁN 24
GLAC DO PHÁIRT

1. Ainm: _____

2. An bhfuil tú fireann nó baineann? _____

3. Cén mhí ar rugadh inti thú? _____

4. Náisiúntacht: _____

5. Teangacha á labhairt seachas Gaeilge nó Béarla:

6. Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?

An-sláintiúil ☐

Sláintiúil ☐

Níl mé an-sláintiúil ☐

An-mhí shláintiúil ☐

7. Cén chaoi a dtagann tú chun na scoile ?

Carr ☐ Ag siúl ☐ Rothar ☐

Bus ☐ Eile _____

8. Cén achar atá do theach ón scoil? _ km

9. Cén cineál lóistín a chónaíonn tú ann?

Scoite ☐ Leath-scoite ☐ Sraith ☐

Arasán ☐ Eile _____

An bhfuil ríomhaire sa bhaile agat? Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil banda leathan agat? Tá ☐ Níl ☐

Scór don Daonáireamh Ranga

Bímís ag comhaireamh

Cé mhéad daoine sa rang?

Cé mhéad buachaillí sa rang?

Cé mhéad cailíní sa rang?

Cé mhéad daoine a rugadh i :

Ean	Feabh	Márta	Aibreán	Bealt	Meith
Iúil	Lúnasa	M. Fómh	D. Fómh	Samh	Noll

Náisiúntacht inár Seomra ranga:

Éireannach					

Teangacha a labhraíonn páistí inár Seomra ranga:

Chomh sláintiúil a cheapann muid atá muid!

Ceacht a 2: Rang a Trí/Ceathair

An-sláintiúil	Sláintiúil	Níl an-sláintiúil	An-mhí shláintiúil

Cén chaoi a dtagann muid ar scoil:

Ag siúl	Rothar	Bus	Carr	Eile

Achar a thaistealaíonn muid chun na scoile:

< 5 km	5-10 km	10-15 km	15-20 km	Eile

Cén cineál lóistín a chónaíonn tú ann?

Scoite	Leath-Scoite	Sraith	Arasán	Eile

Cé mhéad le R.P. sa bhaile?

Cé mhéad le fáil ar an idirlíon sa bhaile?

Cuardach Idirlín don Daonáireamh

- Mínigh do na páistí gur féidir an t-eolas a bhailítear ón Daonáireamh a fheiceáil ar shuíomh idirlín na POS. Tabhair cuairt ar an suíomh idirlín seo leis na páistí ar an gClár Bán Idirghníomhach.
- Is maith le páistí taighde a dhéanamh ar an 25 ainm buachaillí agus cailíní is coitianta a roghnaítear agus iad a chur i gcomparáid lena n-ainm féin.

1. Téigh chuig www.cso.ie

2. Cliceáil ar an táb 'Daonáireamh'

3. Cliceáil ar an táb 'Daonáireamh do Scoileanna'. Roghnaigh 'Breitheanna, Básanna agus Póstaí' ó na Staitisticí agus cliceáil ar 'Go'

4. Roghnaigh 'Breitheanna, Básanna agus Póstaí' ó na Staitisticí agus cliceáil ar 'Go'



Baile **Staitisticí** **Stóir Sonraí** **Modhanna** **Eolas Fúinn**

Staitisticí >

Daoine agus an tSochaí > Daonáireamh > Oideachas > Breitheanna, Básanna agus Pósáil > Coir agus Ceart > Dálaí Sóisialta > Dálaí Sláinte > Sochaí Faisnéise > Tithíocht agus Teaghlaigh	Margadh Saothair agus Tuilleamh > Margadh Saothair > Tuilleamh	Imshaol agus Aeráid > Imshaol > Aeráid
--	---	---

5. Roghnaigh ' 25 Ainm Leanaí is Coitianta' ón rogha 'Príomh Staitisticí POS'.



Home **Statistics** **Databases** **Methods** **About Us**

YOU ARE HERE: [HOME](#) / [STATISTICS](#) / [BIRTHS, DEATHS AND MARRIAGES](#)

Births, Deaths and Marriages

Releases and Publications Current Releases > Irish Life Tables No. 16 2010-2012 > Irish Babies' Names 2014 > Marriages and Civil Partnerships 2014 > Mortality Differentials in Ireland (PDF 892KB)	Statistical Tables at a glance > Number of Births, Deaths and Marriages > Average Age of Mother Classification by Marital Status > Top 25 boys Babies Names > Top 25 girls Babies Names > Life Expectancy at Various Ages (Years) by Age and Year, 1871-2006 > Total Deaths Classified by Age
---	--



:



Déanaimís Fiosrúchán

Cé mhéad buachaillí inár scoil a bhfuil a n-ainm ar an liosta seo?

10 nAinm Buachaillí is Coitianta			Iomlán
1	Jack		
2	James		
3	Daniel		
4	Conor		
5	James		
6	Adam		
7	Luke		
8	Noah		
9	Harry		
10	Charlie		



Déanaimís Fiosrúchán

Cé mhéad cailíní inár scoil a bhfuil a n-ainm ar an liosta seo?

10 nAinm Cailíní is Coitianta			Iomlán
1	Emily		
2	Sophie		
3	Emma		
4	Grace		
5	Ava		
6	Ella		
7	Amelia		
8	Mia		
9	Lucy		
10	Aoife		



Ainmneacha is Coitianta do Bhuachaillí

Jack	James	Daniel	Conor	Séan	Adam	Luke	Noah	Harry	Charlie



Ainmneacha is Coitianta do Chailíní



Emily	Sophie	Emma	Grace	Ava	Ella	Amelia	Mia	Lucy	Aoife